Cód: QA244
Teideal: **Cláir Chreidiúnaithe**
Dáta: 06/06/2018
Faomhadh: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú

**1.0 Cuspóir**
Creidiúnú clár múinte

**2.0 Tuairisc**
Is téarma ginearálta é Comhlachtaí Gairmiúla, Rialála agus Reachtúla (PRSBanna) a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar phróiseas ina ndéanann eagraíochtaí seachtracha cláir mhúinte na hOllscoile a fhaomhadh, agus a ndéanann siad monatóireacht agus athbhreithniú orthu. Is gnách go mbíonn cáilíocht ghairmiúil le fáil mar thoradh ar an gcreidiúnú a léiríonn go gcomhlíonann an clár na caighdeáin atá leagtha síos ag an PRSB. Déanann na comhlachtaí seo athbhreithniú, faomhadh agus faireachán ar chlár múinte beag beann ar pholasaithe athbhreithnithe cáilíochta na hOllscoile féin. Meastar gur chomhlíon cláir a chomhlíonann na riachtanais maidir le Creidiúnú PRSB riachtanais athbhreithnithe cáilíochta inmheánacha OÉ Gaillimh – QA006 Athbhreithniú ar Chláir Mhúinte.

2.1 Freagrachtaí

Cuireann OÉ Gaillimh roimhe a chinntiú go ndéanfar aon athbhreithnithe cáilíochta a dhéanann PRSBanna chun críocha creidiúnaithe, a chomhtháthú i bpróisis dearbhaithe cáilíochta inmheánacha na hOllscoile féin agus in aon nósanna imeachta scrúdaithe seachtracha eile.

Ní mór do Bhoird na gClár:

- Faomhadh a lorg ón gCeann Scoile agus/nó ón Déan chun páirt a ghlacadh sa phróiseas creidiúnaithe
- Aon chostais a aontú leis an gCeann Scoile/Déan
- A chinntiú go gcomhlíonann an clár polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha uile na hOllscoile agus go háirithe: CA006 Boird na gClár Múinte, CA005 Scrúdaitheoirí Seachtracha – Cláir Mhúinte agus QA221 Aiseolas ó Mhic Léinn
- Na cáipéisí go léir a ullmhú agus na socruithe go léir a dhéanamh don phróiseas creidiúnaithe
- Oibriú go dlúth leis an Oifig Feabhais maidir le polasaithe agus le nósanna imeachta inmheánacha agus taifead lárnach a choinneáil de shonraí na socruithe PRSB uile
- Na treoirlínte a leanúint agus gníomhú de réir thorthaí an phróisis creidiúnaithe PRSB
- Gach tuarascáil féinmheasúnaithe, gach tuarascáil athbhreithnithe, gach plean gnímh agus na torthaí deiridh ar fad a chur ar fáil don Cheann Scoile/don Déan
- Ranna/aonaid ollscoile eile a choinneáil ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí creidiúnaithe/athchreidiúnaithe, de réir mar is cuí
- An cháipéisíocht ar fad a chur ar fáil don Oifig Feabhais ionas gur féidir í a thuairisciú mar chuid den fhianaise i leith gach gníomhaíocht dearbhaithe feabhais in OÉ Gaillimh

Ní mór don Oifig Feabhais:

- Oibriú le boird na gclár maidir le fianaise a ullmhú don phróiseas creidiúnaithe

- Stór a choinneáil de gach gníomhaíocht PRSB chun eolas a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí inmheánacha monatóireachta cáilíochta na hOllscoile féin

2.2 Tuairisciú

Cuireann tuarascálacha a eascraíonn as rannpháirtíocht an PRSB faisnéis luachmhar ar fáil faoi cháilíocht agus faoi chaighdeáin na gclár. Féadfar na tuarascálacha agus na freagraí ar aon cheisteanna a thagann chun cinn a úsáid mar chuid den ghnáthphróiseas athbhreithnithe feabhais. Féadfaidh an Oifig Feabhais tuarascálacha achoimre a scaipeadh mar chuid dá tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí Athbhreithnithe Feabhais san Ollscoil.

**3.0 Freagrachtaí**

| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| AMT | Úinéir an Pholasaí |
| Bord an Chláir | An próiseas creidiúnaithe a bhainistiú<br>Oibriú leis an Oifig Feabhais maidir leis an bpróiseas creidiúnaithe |
| An Oifig Feabhais | Stór PRSB a chothabháil<br>Gníomhaíochtaí PRSB a thuairisciú |
| Ceann Scoile/Déan | Próiseas an chreidiúnaithe a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh air |

*Tabhair cuairt ar an **Stór P&P** ar **láithreán gréasáin na hOifige Feabhais***
*le haghaidh polasaithe, nósanna imeachta, rialachán agus treoirlínte eile*